

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA  
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL PÁIPÉAR I

(220 marc)

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 3.50

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** agus **Ceist 2** a fhreagairt.

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**A - GIOTA LEANÚNACH - (60 marc)**

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

- (i) An Ceol in Éirinn.
- (ii) Duine cáiliúil a bhfuil meas agam air (uirthi).
- (iii) An bhliain 2000.

**B - SCÉAL - (60 marc)**

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

- (i) "Bhí mo chara, Máire, léi féin sa teach an oíche sin. Dhúisigh sí go tobann. Bhí rud éigin ag siúl lasmuigh den teach ..."

**nó**

- (ii) "D'oscail mé an litir agus léigh mé í. Ní raibh a fhios agam cad ba cheart dom a dhéanamh ..."

**C - LITIR - (60 marc)**

- (i) Tá post samhraidh agat. Is maith leat an obair agus an áit ina bhfuil tú ag obair. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

- (ii) Níl tú sásta leis na cláracha atá ar TG 4 (Teilifís na Gaeilge) do dhaoine óga. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig Ceannasaí TG 4 faoi sin.

**D – COMHRÁ - (60 marc)**

- (i) Chuala tú go bhfuil cara leat ag tógáil drugaí. Ní maith leatsa é sin a chloisteáil. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

- (iii) Ba mhaith le d'athair (nó le do mháthair) féachaint ar chlár spóirt ar RTÉ 1, ach b'fhearr leatsa féachaint ar chlár grinn atá ar RTÉ 2. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A - (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## IOMÁNAÍ / PEILEADÓIR NA LINNE

1. Nuair a fuair **Jack Lynch** bás anuraidh labhair go leor daoine faoi chomh maith agus a bhí sé mar pholaiteoir agus mar Thaoiseach. I gCorcaigh, bhí ardmheas freisin air mar iománaí agus mar pheileadóir. Bhain Jack cáil mhór amach sna 1940í mar bhuaigh sé cúig bhonn san iomáint agus bonn amháin sa pheil sna cluichí ceannais i gCraobh na hÉireann a imríodh idir 1941 agus 1946. Ach, tá réalta eile spóirt ag muintir Chorcaí atá go maith ag an iomáint agus ag an bpeil agus nach bhfuil ach 23 bliain d'aois, **Seán Óg Ó hAilpín**.

2. As Fear Manach d'athair Sheáin Óig a d'imigh go dtí an Astráil chun obair a fháil. Bhuail sé lena bhean, **Emile**, ar Rotuma, ceann d'oiléain Fhidsí, agus phós siad. Rugadh Seán Óg i bhFidsí agus d'fhan an chlann ansin go raibh sé ceithre bliana d'aois. "Tá cuimhne mhaith agam ar an áit inar rugadh mé. Is cuimhin liom an teach a bhí suite in aice le trá álainn. Bhí bananaí ag fás ar na crainn. Ní raibh orainn dul go dtí an t-ollmhargadh in aon chor. Bhí sé cosúil leis na 'Flaithis' ach ní dóigh liom go mbeidh tóir ag turasóirí air mar níl ann ach spota beag ar an mapa!"

3. Ina dhiaidh sin d'aistrigh an chlann go Sydney na hAstráile. Is cuimhin leis a athair agus é ina shuí an-déanach san oíche ag éisteacht le cluichí ceannais ar an raidió ag teacht ó Pháirc an Chrócaigh. "Is cuimhin liom, i 1983, a bheith ag féachaint ar chluiche ceannais iontach san iomáint idir Corcaigh agus Cill Chainnigh agus m'athair ag rá liom, 'Féach air seo, seo é an cluiche is fearr ar fad'. Tar éis an cluiche sin a fheiceáil chuir mé suim mhór san iomáint."



4. I 1988, d'fhill muintir Ailpín ar Éirinn. Roghnaigh an t-athair Corcaigh mar ba mhaith leis cónaí in áit a raibh na cluichí Gaelacha agus an Ghaeilge go láidir ann. D'fhreastail Seán Óg ar mheánscoil na Mainistreach Thuaidh áit a ndearna sé staidéar ar na hábhair ar fad trí Ghaeilge. Sa bhaile, labhraíonn na hAilpínigh Gaeilge, Fidsíoch agus Béarla. D'fhoghlaim Seán Óg na scileanna peile agus iomána lena chlub, Na Piarraigh. "Is í an iomáint mo chéad rogha," a deir sé "mar thaitin sí go mór liom ón tús. Chomh maith leis sin bhí orm níos mó traenála a dhéanamh san iomáint ná sa pheil chun í a fhoghlaim i gceart."

5. I 1999, bhuaigh Seán Óg bonn sa chluiche ceannais san iomáint ach níor éirigh leis sa pheil. Ar ndóigh, tá sé óg fós. Cá bhfios nach mbeidh sé ina Thaoiseach lá éigin!

- (i) Conas a bhain Jack Lynch cáil mhór amach sna 1940í? (10 marc)
- (ii) "Tá cuimhne mhaith agam ar an áit inar rugadh mé," a deir Seán Óg in *Alt 2*. Luaigh **dhá rud** faoin áit inar rugadh é. (10 marc)
- (iii) In *Alt 3* deir Seán Óg gur chuir sé suim mhór san iomáint. Cad a mhúscaíl a shuim san iomáint? (10 marc)
- (iv) Cén fáth ar roghnaigh athair Sheáin Óig Corcaigh mar áit chónaithe nuair a d'fhill an chlann ar Éirinn (*Alt 4*)? (10 marc)
- (v) "Is í an iomáint mo chéad rogha," a deir Seán Óg in *Alt 4*. Cén fáth a ndúirt sé é sin? Tá **dhá** fháth leis. (10 marc)

## B - (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### BEAN IONTACH

1. Is iontach an bhean í **Bríd Uí Dhireáin**. Tá 105 bliain slánaithe aici. Nuair a bhí sí 103 bliain d'aois scríobh sí an leabhar, *A Woman of Aran*, faoina saol féin. Le déanaí, bhronn Ollscoil na Gaillimhe céim M.A. uirthi agus ó tharla gurb í Bríd an céimí is sine ar domhan tá a hainm luaite sa *Guinness Book of Records*. Faoi láthair, tá sí i dteach banaltrais i nGaillimh ach an lá cheana d'fhill sí abhaile go hÁrainn ar eitleán. Seans maith gurb í an t-eitleoir is sine ar domhan freisin í!

2. Bhí baint aici féin freisin le stair na hÉireann. "An lá seo bhí mé tí **Mháirtín Uí Choncheanainn** in Eoghanacht, Árainn. Bhí na tuismitheoirí imithe go Cill Rónáin nuair a tháinig na fir seo isteach. Bhí **Pádraig Mac Piarais** agus **Éamonn Ceannt** ina measc. Bhí a fhios agam go raibh baint acu le *hÓglaigh na hÉireann*. Nuair a bhí mé ag tabhairt an tae dóibh bhí na fir ag caint i mBéarla sa chaoi nach mbeadh mise ábalta iad a thuiscint. Níor thuig siad go raibh Béarla chomh maith le

Gaeilge agamsa. Lig mise orm féin nach raibh a fhios agam cad a bhí á rá acu agus chuala mé cad a bhí pleanáilte acu d'Éirí Amach 1916."

3. I 1918, chuaigh sí isteach i *gCumann na mBan*. Rinne Bríd cúrsa traenála mar bhanaltra in Ospidéal Naomh Ultán i mBaile Átha Cliath. Ag an am sin bhí ar bhanaltraí cuairt a thabhairt ar othair ina gcuid tithe. Oíche amháin thug sí cuairt ar bhean a bhí ag súil le páiste. Bhí litir á léamh ag Bríd a chuir gaol léi as Árainn chuici nuair a bhris saighdiúirí Shasana isteach sa teach. Eolas faoi na rudaí a bhí ar siúl ag *Óglaigh na hÉireann* in aghaidh na Sasanach in Árainn a bhí sa litir. Chaith Bríd an litir sa tine. Dúirt siad go maróidís í ach chaith siad isteach i bPríosún Mhuinseo í. Chuaigh sí ar stailc ocras ann agus scaoileadh saor í ina dhiaidh sin.

4. D'imigh sí go Meiriceá i 1927 áit ar chaith sí 39 bliain. Is i mBoston a chaith sí an chuid is mó den am agus bhí meas mór ag Bríd ar **Chlann Uí Chinnéide** ann. Chuaigh sí thart ag



lorg vótaí do **John Fitzgerald Kennedy** nuair a bhí toghchán na hUachtaránachta i Meiriceá ar siúl i 1960. Tháinig Bríd abhaile go hÉirinn i 1972. Thug **Jean Kennedy Smith** cuairt uirthi nuair a bhí sí ina hAmbasadóir as Meiriceá go hÉirinn. Scríobhann an seanadóir **Ted Kennedy** anall chuici go minic. Bhuail sí le **Hilary Clinton** i nGaillimh le déanaí agus thug Hilary moladh mór do Bhríd san óráid a thug sí ann.

**Gluais:** Óglaigh na hÉireann = daoine a throid chun Éire a shaoradh  
Cumann na mBan = mná a throid chun Éire a shaoradh

- (i) "Is iontach an bhean í Bríd Uí Dhireáin" a deirtear sa *chéad alt*. Luaigh **dhá chúis**, dar leat, a bhfuil sí 'iontach'. (10 marc)
- (ii) Deirtear sa *dara halt* go raibh 'na fir ag caint i mBéarla'. Cén fáth gur i mBéarla a bhí na fir seo ag caint? (10 marc)
- (iii) Cad a bhí sa litir atá luaite sa *tríú halt* a bhí á léamh ag Bríd? (10 marc)
- (iv) Deirtear sa *cheathrú halt* go raibh meas mór ag Bríd ar chlann Uí Chinnéide. Cad a rinne Bríd a thaispeáin go raibh meas mór aici orthu? (10 marc)
- (v) Tabhair **dhá shampla** as an *gceathrú halt* a thaispeánann go bhfuil meas ag na Meiriceánaigh ar Bhríd. (10 marc)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

## GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

### PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 go dtí 11.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)  
**Ceist 1** agus **Ceist 2** a fhreagairt.

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A - PRÓS DUALGAIS - (35 mharc)**

Freagair (a) **nó** (b) **nó** (c) anseo.

- (a) (i) "Féach, ar do shlí téigh timpeall go stad an bhús", arsa bean Fhrainc, "Ar eagla gur ansin atá Frainc ag feitheamh (fanacht) liom." (An Phiast)
- Cad a bhí i gceist ag bean Fhrainc leis an gcaint sin? (5 mharc)  
 Tabhair **cuntas** ar ar tharla an oíche sin. (20 marc)
- (ii) An bhfuil *An Phiast* oiriúnach mar theideal ar an scéal seo? (10 marc)  
 Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor **dhá** cheann.)

**NÓ**

- (b) (i) "Faitíos éigin a bhí ar Shiobhán agus í ina seasamh ansin ag glaoch orm. Bhí na héanacha ar fad scanraithe." (*Iníon Rí na Cathrach Deirge*)
- Cén fáth a raibh faitíos (scanradh) ar Shiobhán agus ar na héanacha eile? (5 mharc)  
 Tabhair **cuntas** ar ar tharla an lá sin ar an Tamhnóg Bhán. (20 marc)
- (ii) Cad iad na cúiseanna a bhí ag Áine nár thaitin Seán Bán léi? (10 marc)  
 An raibh an ceart ag Áine, dar leat?

**NÓ**

- (c) (i) "Féach Beítí," a deir máthair Aodha. "Nach ciallmhar an rogha a dhein sí!" (*Mise mé féin*)
- Cén rogha chiallmhar, dar le máthair Aodha, a dhein (rinne) Beítí? (5 mharc)  
 Tabhair **cuntas** ar Bheítí ón eolas atá sa sliocht fúithi. (20 marc)
- (ii) "Uaireanta ceapaim gurb í Máire, an t-aon chara atá agam sa teach." (10 marc)  
 Cad a bhí i gceist ag Aodh leis an gcaint sin faoina dheirfiúr, Máire?

## B - PRÓS ROGHNACH - (20 marc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh scéal **nó** gearrscéal **nó** úrscéal **nó** dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann.

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.]

*bás (nó beatha)*

*ádh (nó mí-ádh)*

*grá (nó fuath)*

*díoltas (nó greann)*

*caitheamh aimsire (nó obair)*

*taisteal (nó uaigneas)*

(2 mharc)

- (ii) Tabhair **cuntas gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat. (18 marc)

### NÓ

- (b) Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas gairid** ar rud **amháin** ann a thaitin leat (**nó** nár thaitin) leat. (18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

## CEIST 2

## - FILÍOCHT -

[55 mharc]

Freagair **A** agus **B** anseo.

## A - DÁNTA DUALGAIS - (35 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) (i) Inis i **d'fhocail féin** cad é an téama atá sa dán, *Fothrach Tí i Mín na Craoibhe* (thíos). (10 marc)

- (ii) Tá an seanteach cosúil le feadóg, dar leis an bhfile.  
Cén fáth a gceapann an file é sin? (7 marc)

- (iii) *Mo cheol tú, a sheantí;  
a leithéid de phortaíocht  
Ní chluinfí choíche ó theach téagartha teaghlaigh  
Lá gaoithe.*

Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin? (8 marc)

- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

### FOTHRACH TÍ I MÍN NA CRAOIBHE

Tá creatlach an tseantí  
ag baint ceoil as an ghaoth;  
gan doras gan fuinneog gan sclátaí dín  
gach foscailt ina feadóg fhiáin  
ag gabháil fhoinn.

Ó bhinn go binn  
tá an teach tréigthe éirithe  
ina shiansa stoirmspreagtha.  
Mo cheol thú, a sheantí;  
a leithéid de phortaíocht  
ní chluinfí choíche  
ó theach téagartha teaghlaigh  
lá gaoithe.

## NÓ

- (b) (i) Déan cur síos i **d'fhocail féin** ar an mbean béal dorais atá á léiriú sa dán, *Éiceolaí* (thíos). (10 marc)
- (ii) Inis i **d'fhocail féin** cad atá á rá ag an bhfile sa dara véarsa. (9 marc)
- (iii) Cén t-éiceolaí is fearr dar leat, an bhean béal dorais nó an file?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)

## ÉICEOLAÍ

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,  
a fear, a mac,  
is a shléann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.  
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.  
Ní maith léi fiántas.  
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán  
ná piast ag piastáil  
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth  
Téann mo sheilidí de sciurd oíche ag ithe a cuid leitíse.  
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

## B - DÁNTA ROGHNACHA - (20 marc)

- (i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas, ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann.  
[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum a scríobh síos go soléir]
- áit dúchais (nó áit thar lear)*                      *an dúlra (an nádúr)*                      *duine éigin (nó post éigin)*  
*saol na cathrach (nó saol na tuaithe)*                      *brón (nó áthas)*                      *stair*
- (2 mharc)
- (ii) Tabhair **cuntas** gairid ar a bhfuil sa dán faoin *téama* atá roghnaithe agat. (18 marc)



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

M.5A

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

4381

GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

TRIAIL CHLUASTUISCEANA (120 marc)

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH, 4.30 go 5.10

SCRÚDUIMHIR



STAMPA AN IONAID

[N.B. Caithfidh do chuid freagraí uile sa Triail seo bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.]

DON SCRÚDAITHEOIR

CUID	A			B			C			IOMLÁN
	1	2	3	1	2	3	1	2	3	
CEIST										
MARC										

CUID A

Cloisfidh tú *trí cinn* d'fhógraí raidió sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

An oíche a bheidh an díolachán ar siúl	
An t-am a thosóidh sé	
Rud <b>amháin</b> a bheidh ar díol ann	
An méid airgid ba mhaith leo a bhailiú	

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén uair a bheidh an clár raidió seo á chraoladh?

(b) Luaigh rud **amháin** a chaithfidh a bheith ag an iarratasóir.

2. (a) Cén t-ainm atá ar an stáisiún raidió?

(b) Luaigh rud **amháin** a mbeidh déagóirí ag caint faoi.

## FÓGRA A TRÍ

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

An rud a bheidh ar siúl Déardaoin	
An dáta a bheidh sé ar siúl	
An méid blianta atá an raidió ar an aer	
An méid daoine a éisteann leis gach lá	

## CUID B

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huair**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina *dhá mhír*. Beidh sos le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach mír díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A HAON

### **An Chéad Mhír**

1. Cén sórt cláir é "Ó Bhun go Barr"?

2. Cén áit ina raibh Seán ag obair anuraidh?

**An Dara Mír**

1. Cén sórt leabhair is maith le Máire a léamh?

---

2. Cad é an dáta deireanach do na hiarratais?

---

**COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cathain a rinne Maidhc an scrúdú?	
Ar éirigh leis sa scrúdú?	
An rud a tharla dó i Sráid na Siopaí	
An chathair ina raibh an scrúdú aige	

**An Dara Mír**

1. Luaigh damáiste amháin a rinne sé.

---

2. Cé a bhí sa charr eile?

---

**COMHRÁ A TRÍ**

**An Chéad Mhír**

---

2. Luaigh rud **amháin** a chuala sí faoin gcéad chathair a mbeidh sí ar cuairt inti?

---

## **An Dara Mír**

1. Tá gaolta ag Nóra ina gcónaí sa dara cathair. Cé hiad na gaolta sin?

---

2. Cad a dhéanann siad sa mhonarcha?

---

## **CUID C**

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

### **PÍOSA A HAON**

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cé a sheol an comórtas?	
Cén t-ainm atá ar an gcomórtas?	
Cad a bheidh le scríobh ag na daltaí?	
Ainmnigh duais <b>amháin</b> a bheidh le buachan	

### **PÍOSA A DÓ**

1. Cé a d'oscail Óstán Inis Meáin go hoifigiúil inné?

---

2. Cad a bhí ar siúl san óstán oíche aréir?

---

### **PÍOSA A TRÍ**

1. Cá raibh an cailín inné?

---

2. Cad a bhí ar siúl aici taobh amuigh den chlub óige oíche Shamhna?

---